




Eleathanach 401



Dé Luain, an 31 Eanáir 2022



← Bolcán

Tonga



Tá Tonga ag streachailt faoi láthair. Bhrúcht bolcán ollmhór faoin uisce. Fuair triúr bás ar a laghad, agus ar roinnt de na hoileáin, scrios tonn mhór beagnach gach ceann de na foirgnimh.

Tá contúirt mhór ann faoi láthair. Tagann luathreach amach as an mbolcán agus tá sé dainséarach chun an t-aer a anáilú mar tá luathreach san aer.

Tá truailliú déanta don uisce chomh maith. Níl an t-uisce seo sláintiúil níos mó. Tá an luathreach ag déanamh damáiste d'fheirmeacha freisin, agus ní bheidh feirmeoirí sásta.

Tá cabhair ag teastáil ó mhuintir Tonga. Tá súil againn go dtiocfaidh feabhas ar an scéal go luath.

Patrick Mahomes ó Kansas City Chiefs!



NFL - Cluiche cáiliúil i Meiriceá

Bhí cluichí iontacha ar siúl san NFL i Meiriceá seachtain ó shin. Bhí ceithre chluiche san iomlán.

Bhuaigh Cincinatti Bengals, San Francisco 49ers agus Los Angeles Rams a gcluichí i gcoinne Tennessee Titans, Green Bay Packers agus Tampa Bay Buccaneers.

Ceapann a lán daoine gurb é an cluiche idir Kansas City Chiefs agus Buffalo Bills an cluiche ab fhéarr go dtí seo sa séasúr.

Chuaigh an cluiche chuig am breise ach sa deireadh bhí an bua ag Kansas. Chríochnaigh an cluiche 42-36. Is spórt an-chrua é ach is siamsaíocht mhaith é.



Zú Bhéal Feirste

Fáilte roimh an ngoraille óg! Tá sé 4 mhí d'aois. Tá cónaí air i Zú Bhéal Feirste. Is iad Gugas agus Kamili a thuismitheoirí. Tá Kamili ag tabhairt aire don ghoraille óg.

Ba mhaith le Zú Bhéal Feirste go roghnódh an pobal ainm don ghoraille óg. Tá gach duine ar bís. Tá an-ghrá ag a thuismitheoirí dó!



Seo í Kamili.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilte & Gaelscoláiocht

